# 16 Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**16.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a áirithiú

- gur cuireadh an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- go gcloíonn a hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina n-airbheartaítear iad a bheith curtha i gcrích.

**16.2** Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a chomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha sin.

**16.3** Aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi théarmaí scéimeanna leasa, is íocaíochtaí neamhrialta iad, dá réir sin. D'fhéadfadh íocaíochtaí iomarcacha den sórt sin teacht chun cinn mar gheall ar chalaois amhrasta, fíorais nó fianaise nua amhail athrú ar imthosca an éilitheora nach bhfuil fógra tugtha don Roinn ina leith, nó mar gheall ar earráid oifigiúil (féach Iarscríbhinn 16A).

**16.4** Mar gheall ar an leibhéal caiteachais a thabhaíonn an Roinn gach bliain, d'fhéadfadh an Státchiste — a chistíonn Vóta 37 Coimirce Shóisialach — nó an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a chistítear trí fháltais ranníocaíochta árachais shóisialaigh den chuid is mó, a bheith thíos le caillteanas suntasach airgeadaíochta mar gheall ar líon íseal teagmhas earráide, fíricí nua agus/nó calaoise amhrasta, fiú.

**16.5** Déantar measúnú sa chaibidil seo ar rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh 2024 agus meastar inti an tionchar ar thuarascálacha iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don chuntas leithreasa Vóta 37 agus do ráitis airgeadais CÁS. Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar na príomhdhoiciméid agus príomhshonraí a sholáthair an Roinn agus chuir sí comhaltaí ábhartha bhaill foirne na Roinne faoi agallamh.

## Suirbhéanna rialaithe

**16.6** In 2024, €26.2 billiún san iomlán a bhí i gcaiteachas scéime na Roinne.[1]

**16.7** Tugann an Roinn faoi chlár suirbhéanna ar íocaíochtaí scéime chun an líon íocaíochtaí iomarcacha atá á dhéanamh a dheimhniú. Príomhthomhas é sin ar rath na Roinne maidir le calaois agus earráid a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh ina híocaíochtaí scéime. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn freisin rioscaí a bhaineann le scéim ar leith agus na hathruithe is gá ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm a shainaithint.[2]

**16.8** Is éard atá i gceist leis na suirbhéanna ná athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí randamacha d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair agus, má tá, cé acu atá nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo.

1 Sa bhreis ar chaiteachas scéime na Roinne, íocadh €1.2 billiún leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna; íocadh €731 milliún le haghaidh costais riaracháin; agus íocadh €62 milliún i maoiniú deontais leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

2 D'fhoilsigh an Roinn an mhodheolaíocht le haghaidh suirbhéanna rialaithe i mí na Bealtaine 2022, agus tá sí ar fáil anois anseo.

### *Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe*


De ghnáth, déantar athbhreithniú le suirbhéanna rialaithe ar idir 600 agus 1,000 éileamh a roghnaítear go randamach le haghaidh gach scéime agus é mar chuspóir acu meastachán a sholáthar — le cinnteacht 95% — ar leibhéal na híocaíochta míchirte ag pointe ama ar leith. Is gnách go léirítear an méid seo a leanas sna suirbhéanna

- an **ollíocaíocht iomarcach**, is é sin, luach iomlán aon íocaíochtaí iomarcacha a sainaithníodh.
- an **ghlaníocaíocht iomarcach** ar ina leith a dhéantar coigeartú i dtaobh aistrithe chuig scéimeanna eile i gcásanna inar deimhníodh gur íocadh níos mó le héilitheoir (agus/nó le duine cleithiúnach) ná a theidlíochtaí ar an scéim a athbhreithníodh, ach go raibh sé i dteideal íocaíocht coimirce sóisialaí eile.

Measann an Roinn gurb é an ghlaníocaíocht iomarcach a sainaithníodh an tomhas is cruinne ar leibhéal na híocaíochta iomarcaí ar scéimeanna.

**16.9** Caitheadh 80% de chaiteachas scéime iomlán na Roinne sa bhliain 2024 ar scéimeanna faoi réir suirbhéanna rialaithe a rinneadh le deich mbliana anuas (féach Fíor 16.1). Ba laghdú é sin ó 86% ar chaiteachas scéime iomlán in 2023.[1]

**Fíor 16.1 Cumhdach ar chaiteachas scéime arna soláthar ag suirbhéanna rialaithe[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Cumhdach arna soláthar ag suirbhéanna rialaithe a foilsíodh le deich mbliana anuas (2016 go 2025).

1 Ní áirítear scéimeanna a bhaineann le Covid-19. Dúirt an Roinn go raibh na scéimeanna a bhain leis an bpaindéim sealadach agus dá bhrí sin nach mbeadh ach úsáid theoranta ag suirbhéanna rialaithe ar na scéimeanna maidir le measúnú a dhéanamh ar rialuithe scéime.

## Impleachtaí suirbhéanna rialaithe maidir le hiniúchtaí

**16.10** Tá éagsúlacht leathan ann sa leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a fuarthas i suirbhéanna a rinneadh ó 2016 i leith (féach Fíor 16.2).

- Maidir le scéimeanna atá maoinithe ag Vóta, is idir 0.6% de chaiteachas scéime ar íocaíocht teaghlaigh oibre, agus 12.7% de chaiteachas scéime ar chúnamh feirme atá rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha.
- Is idir 0.9% (pinsean stáit ranníocach) agus 8% (sochar cuardaitheora poist) na rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha i leith scéimeanna CÁS.

**16.11** Mheas an fhoireann scrúdaithe meánráta ualaithe na n-íocaíochtaí iomarcacha bunaithe ar na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu le deich mbliana anuas, is é sin 3.25% le haghaidh 2024 (2023: 3.44%).[1]

1 Níl caiteachas a bhaineann le Covid-19 san áireamh agus úsáidtear caiteachas 2024 do na scéimeanna a ndearna suirbhé orthu le deich mbliana anuas (80% de chaiteachas iomlán na scéime) chun na híocaíochtaí sin a ríomh.

**Fíor 16.2 Leibhéal measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha i scéimeanna faoi réir suirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó 2016 i leith**

| | Scéim (agus dáta tuarascála suirbhé)[a] | Costas na scéime in 2024 €m | Leibhéal measta na glaníocaíochta iomarcaí[b] |
|---|---|---|---|
| **Scéimeanna atá maoinithe ag Vóta** | Sochar linbh (2022) | 2,555 | 1.4% |
| | Liúntas míchumais (2023) | 2,408 | 5.7% |
| | Liúntas cuardaitheora poist (2025) | 1,853 | 6.8% |
| | Pinsean stáit (neamhranníocach) (2025) | 1,336 | 6.1% |
| | Liúntas cúramóra (2018) | 1,203 | 9.1% |
| | Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (2021) | 753 | 5.9% |
| | Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht (2016) | 421 | 0.6% |
| | Liúntas leasa forlíontach (BASI) (2017) | 128 | 2.6% |
| | Cúnamh feirme (2016) | 52 | 12.7% |
| | Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair (2019) | 30 | 3.3% |
| **Scéimeanna atá maoinithe ag an gCiste Árachais Shóisialaigh** | Pinsean stáit (neamhranníocach) (2024) | 7,858 | 0.9% |
| | Pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh (2024) | 1,954 | 1.3% |
| | Sochar cuardaitheora poist (2023) | 504 | 8.0% |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Ní chuirtear an suirbhé ar shochair theaghlaigh in 2016 san áireamh mar nár bhain an suirbhé ach leis na tairbhithe nach bhfuil íocaíocht leasa eile á fáil acu agus níorbh ionann iad ach 7% díobh siúd a bhfuil an pacáiste sochar á fháil acu.

b Is í an ghlaníocaíocht iomarcach luach na n-íocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile. Glaníocaíochtaí iomarcacha iad na figiúirí a thaispeántar agus a sainaithníodh i suirbhéanna rialaithe mar chéatadán de luach iomlán na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a cuireadh ar áireamh sna cásanna suirbhé.

## Torthaí an tsuirbhé rialaithe is déanaí

**16.13** D'fhoilsigh an Roinn dhá shuirbhé rialaithe in 2025, inar díríodh ar an liúntas cuardaitheora poist agus ar scéimeanna pinsin Stáit neamhranníocacha. Tá an dá scéim maoinithe ag Vóta.

### *Liúntas cuardaitheora poist*

**16.14** Thabhaigh an scéim liúntais cuardaitheora poist caiteachas €1.85 billiún in 2024. Rinneadh 107,693 éileamh ar íocaíocht i mí na Nollag 2024. Is liúntas seachtainiúil de réir tástála acmhainne é an liúntas a íoctar le daoine aonair atá ag obair trí lá sa tseachtain nó níos lú, a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát agus a bhfuil fostaíocht lánaimseartha á lorg acu i ndáiríre.[1] Ó Eanáir 2025 ar aghaidh, is é €244 in aghaidh na seachtaine ráta íocaíochta na scéime pearsanta.[2]

**16.15** I mí an Mhárta 2025, d’fhoilsigh an Roinn torthaí an tsuirbhé rialaithe ar liúntas cuardaitheora poist. Scrúdaíodh sa suirbhé 757 éileamh ar íocaíocht in 2023 agus 2024 in dhá bhaisc — 500 i mí Mheán Fómhair 2023 agus 257 éileamh i mí an Mhárta 2024.[3]

**16.16** Fuarthas amach sa suirbhé rialaithe go raibh 156 (20.6%) de na héilitheoirí liúntais cuardaitheora poist a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó ná mar a bhí siad i dteideal a fháil. Measadh luach na n-íocaíochtaí iomarcacha a bheith cothrom le 6.9% den chaiteachas ar na cásanna a sampláladh.[4] Laghdaigh aistriú éilitheoirí neamh-incháilithe chuig scéimeanna eile a raibh siad ina dteideal leibhéal glan na ró-íocaíochta go dtí 6.8%.

**16.17** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 4.1% de na héilitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, agus go raibh na ganníocaíochtaí coibhéiseach le 0.4% de chaiteachas na scéime ar fud na n-éileamh uile a scrúdaíodh.

**16.18** Tá laghdú tagtha ar an nglanráta íocaíochta barrachais 6.8% a braitheadh sa suirbhé ón ráta a braitheadh sa bhliain roimhe sin (8.3%). Tá an laghdú sin ag teacht le hionchas na Roinne go mbeadh tionchar dearfach ar thorthaí na suirbhéanna rialaithe dá dtabharfaí isteach arís go leor de na rialuithe a cuireadh ar fionraí le linn na paindéime (e.g. síniú isteach ráithiúil).

**16.19** Bhain an príomhriosca a sainaithníodh le ró-íocaíochtaí a thagann chun cinn toisc go bhfuil acmhainní eile ag éilitheoirí seachas ó fhostaíocht. Ina theannta sin, shainaithin an Roinn treochtaí maidir le ró-íocaíochtaí laistigh de ghrúpálacha áirithe amhail oibrithe páirtaimseartha nó oibrithe ócáideacha (féach Fíor 16A.1).

**16.20** Tá an ráta ró-íocaíochta de 6.8% fós ard. Leag an Roinn na céimeanna amach a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí na scéime a sainaithníodh leis an suirbhé agus chun feabhas a chur ar na rialuithe a bhaineann le liúntas cuardaitheora poist (féach Fíor 16A.1).

1 Ní mór don éilitheoir a bheith os cionn 18 mbliana d’aois agus faoi bhun 66 bliain d’aois.

2 Íoctar ráta laghdaithe €153.70 leo siúd atá idir 18 mbliana agus 24 bliain d’aois agus nach bhfuil ag maireachtáil go neamhspleách. Féadfar íocaíocht bhreise a dhéanamh le haosaigh cháilitheacha nó leanaí cáilitheacha is cleithiúnaigh

3 Is é seo an ceathrú suirbhé ‘rollach’ a d’fhoilsigh an Roinn ar scéim an liúntais cuardaitheora poist (foilsíodh na suirbhéanna roimhe seo in 2021, 2022 agus 2024).

4 Ba iad na príomhchúiseanna a sainaithníodh maidir le híocaíochtaí iomarcacha ná ceilt thoiliúil fíricí (2.5% de chaiteachas na scéime) agus athruithe neamhthuairiscithe ar chúinsí (2.7% de chaiteachas na scéime).

### *Pinsean Stáit (neamhranníocach)*

**16.22** Tá an scéim pinsin Stáit neamhranníocach maoinithe ag an Vóta, le caiteachas de €1.3 billiún in 2024. Rinneadh 99,134 éileamh ar íocaíocht i mí na Nollag 2024. Is liúntas seachtainiúil de réir tástála acmhainne é an liúntas a íoctar le daoine aonair nach gcáilíonn do phinsean Stáit (ranníocach) atá árachas-bhunaithe nó nach gcáilíonn ach do phinsean ranníocach ar ráta laghdaithe bunaithe ar a dtaifead árachais shóisialta, agus a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát. Ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh, is é €278 in aghaidh na seachtaine an ráta iomlán íocaíochta pearsanta.[1]

**16.23** I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh an Roinn torthaí an tsuirbhé rialaithe ar an bpinsean Stáit neamhranníocach. Scrúdaíodh sa suirbhé 800 éileamh ar íocaíocht in 2023 agus 2024 in dhá bhaisc — 400 i mí Feabhra 2023 agus 400 i mí an Mhárta 2024. Leis an suirbhé rialaithe fuarthas amach go raibh 209 (26.1%) d'éilitheoirí ar an bpinsean Stáit neamhranníocach a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó íocaíochta ná mar a bhí siad ina teideal. Measadh go raibh luach na n-íocaíochtaí iomarcacha coibhéiseach le 6.2% den chaiteachas ar na cásanna sampláilte. Le haistriú chuig scéimeanna eile, laghdaíodh an leibhéal glan íocaíochta iomarcaí go dtí 6.1%. Tá sé sin i gcomparáid le leibhéal íocaíochta iomarcaí de 6.5% (de réir luacha) a fuarthas sa suirbhé rialaithe a foilsíodh roimhe seo in 2019.

**16.24** Fuair an suirbhé rialaithe amach chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 6.3% de na héilitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, agus na ganníocaíochtaí coibhéiseach le 0.7% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

**16.25** Ba é an príomhriosca a shainaithin an Roinn ná gur mó an seans go dtarlódh ró-íocaíochtaí i gcásanna ina bhfuil pinsin eachtracha/phríobháideacha á bhfáil ag éilitheoirí freisin (féach Fíor 16A.2).

**16.26** Is ráta ard é an ráta íocaíochta iomarcaí de 6.1% a fuarthas amach leis an suirbhé. Leag an Roinn na céimeanna amach a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí na scéime a sainaithníodh leis an suirbhé agus chun feabhas a chur ar na rialuithe a bhaineann le liúntas neamhranníocach pinsin Stáit. Áirítear leis sin creat rialaithe athbhreithnithe a tugadh isteach i mí Aibreáin 2025 (féach Fíor 16A.2).

## Aisghabháil ró-íocaíochtaí

**16.27** I gcás ina sainaithníonn an Roinn íocaíocht iomarcach, deimhneoidh an t-oifigeach breithiúnachta ar bhonn cás ar chás conas déileáil leis, de réir na reachtaíochta agus na dtreoirlínte oibríochta ábhartha, conas a chaithfear leis sin, trí cheachtar de na nithe seo a leanas a eisiúint

- cinneadh 'dáta reatha.' i.e. cuirtear íocaíochtaí amach anseo ina gceart ach ní lorgaítear aisghabháil ar aon íocaíochtaí iomarcacha — ní ghearrtar aon fhiachas ró-íocaíochta, nó
- trí chinneadh 'cúlghabhálach' a eisiúint i.e. cuirtear íocaíocht amach anseo ina gceart, gearrtar suim shonrach d'fhiacha ró-íocaíochta iomarcaí lena haisghabháil.[2]

1 Méaduithe go €288 in aghaidh na seachtaine dóibh siúd a bhfuil 80 bliain nó níos mó bainte amach acu.

2 Leagtar amach cumhachtaí oifigigh breithiúnachta i gCuid 10 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (arna leasú).

**16.28** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar na cásanna is déanaí de shuirbhéanna rialaithe (2025) inar shainaithin an Roinn íocaíocht iomarcach agus inar chinn sí nár gearradh ró-íocaíochtaí ach amháin in 38 as 365 chás íocaíochta iomarcacha (10%) a sainaithníodh.

**16.29** D'fhéadfadh sé go gciallódh dóchúlacht íseal a mheastar a bheith ann go ngearrfaí fiachas ró-íocaíochta nuair a bhraitear cás de theidlíocht iomarcach go mbraithfeadh roinnt éilitheoirí gur beag an riosca a bhaineann le gan an Roinn a choinneáil ar an eolas, go tráthúil, faoi athrú ar imthosca a bhaineann lena n-éilimh.

**16.30** Luaigh an Roinn roimhe seo go ndéanann sí athbhreithniú gníomhach ar éilimh ardriosca, agus i gcás ina ngearrtar fiachas ró-íocaíochta, go bhfuil dliteanas ar an éilitheoir an ró-íocaíocht a aisíoc ina hiomláine, lena n-áirítear ó aon íocaíochtaí leasa shóisialaigh amach anseo.

## Suirbhéanna rialaithe atá le teacht

**16.31** I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir an Roinn tús le suirbhé rialaithe ar an scéim íocaíochta teaghlaigh aontuismitheora. Roghnaíodh sampla de 600 éileamh in íocaíocht.

**16.32** Tá suirbhé rialaithe rollach á dhéanamh ag an Roinn ar an scéim liúntais cuardaitheora poist agus roghnaíodh an bhaisc is déanaí de 250 éileamh á n-íoc i mí an Mhárta 2025.

**16.33** Maoinítear an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora agus na scéimeanna liúntais cuardaitheora poist araon ó Vóta 37 Coimirce Shóisialta agus bhí caiteachas comhcheangailte €2.6 billiún acu in 2024. Meastar go bhfoilseofar na tuarascálacha ar na suirbhéanna rialaithe sin sa chéad ráithe de 2026.

## Saincheisteanna eile a bhain le rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

### *Íocaíocht dífhostaíochta paindéime*

**16.34** Cuireadh tús leis an íocaíocht dífhostaíochta paindéime (PUP) i mí an Mhárta 2020 agus ba é thart ar €9.2 billiún an caiteachas iomlán ar an scéim i gcaitheamh na tréimhse 2020 go 2022. Ba é €91.4 milliún (1% de chaiteachas na scéime) fiachas ró-íocaíochta iomlán na scéime um Íocaíocht Dífhostaíochta Pandéime a gearradh amhail i mí na Nollag 2024, agus aisghabhadh €26.2 milliún de sin.

**16.35** Sainaithníodh thart ar 65,000 éilitheoir den Íocaíocht Dífhostaíochta Pandéime a raibh tréimhsí fostaíochta acu a bhí ag forluí ar thréimhsí nuair a bhí Íocaíocht Dífhostaíochta Pandéime á fáil acu. Rinne an Roinn anailís ar na héilitheoirí sin in dhá ghrúpa: iad sin a raibh fostaíocht aonair acu agus iad sin a bhféadfadh níos mó ná fostaíocht amháin a bheith acu.

**16.36** Cuireadh an t-athbhreithniú ar an ngrúpa fostaíochta aonair i gcrích i mí na Nollag 2024, rud a d'fhág gur gearradh fiachas ró-íocaíochta arbh fhiú €34 mhilliún é. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh orthu sin a bhféadfadh roinnt fostaíochtaí a bheith acu, agus mar sin d'fhéadfaí tuilleadh fiacha ró-íocaíochta a shainaithint. Tá 37 foireann ag obair ar an tionscadal sin agus tá coinne ag an Roinn an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche in 2025.

**16.37** Tá úinéireacht ag an Rannán Rialaithe laistigh den Roinn ar aisghabháil fiach ró-íocaíochta i ndáil le hÍocaíocht Dífhostaíochta Pandéime. Údaraíodh foireann tionscadail de 25 foireann chun maoirseacht a dhéanamh ar aisghabháil an fhéich gan íoc trí astú tuillimh.[1] Díreoidh an fhoireann ar dtús ar fhiacha gan íoc a gearradh in 2024.

### *Scéimeanna fóirdheontais shealadaigh pá COVID-19*

**16.38** Tugadh isteach an scéim fóirdheontais shealadaigh pá agus an scéim fóirdheontais pá fostaíochta le linn phaindéim Covid-19.[2] Bhí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) freagrach as maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar an scéim thar ceann na Roinne. Bhí caiteachas carnach ar na scéimeanna fóirdheontais pá ó 2020 go 2024 coibhéiseach le €9.5 billiún. Gearradh é sin ar chuntas leithreasa Vóta 37 um Choimirce Shóisialta.

**16.39** Ó dúnadh na scéimeanna fóirdheontais pá, tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis tabhairt faoi chláir chomhlíontachta agus faoi chleachtaí réitigh fóirdheontais. Sainaithníodh €475 milliún san iomlán i luach ró-íocaíochtaí don dá scéim, is é sin 5% de chaiteachas na scéime comhcheangailte.[3]

**16.40** Amhail an 31 Lúnasa 2025, aisghabhadh agus aisíocadh €400 milliún san iomlán le Vóta 37. Cé go bhfuil an €75 milliún eile fós gan íoc, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil coinne leis go n-aisghabhfar beagnach 76% (€57 milliún) trí shocruithe íocaíochta céimnithe.

**16.41** Áirítear i luach iomlán na ró-íocaíochtaí a sainaithníodh go dtí seo €224 milliún a bhaineann go díreach le céim idirthréimhseach na scéime fóirdheontais shealadaigh pá, a sainaithníodh trí réitigh a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta 2021.[4]

### *Scéim béilí scoile*

**16.42** Maoinítear an scéim béilí scoile tríd an Vóta le caiteachas €181 milliún in 2024 (€109 milliún in 2023). Tá méadú suntasach ag teacht ar an scéim, mar is léir ón méadú 66% ar chaiteachas in 2024. Tá an scéim le leathnú tuilleadh chun gach bunscoil a chur san áireamh in 2025.

**16.43** Is le haghaidh bia amháin an maoiniú faoin scéim seo, agus tá scoileanna freagrach as a soláthróirí bia féin a roghnú.[5] I mí Dheireadh Fómhair 2024, tháinig an Roinn ar an eolas faoi ró-mhuirear beagnach €786,000 ó sholáthróir aonair i ndáil le 98 scoil le linn thréimhsí acadúla 2021/2022 agus 2022/2023. Tharraing scoil amháin an tsaincheist anuas den chéad uair leis an soláthróir, tar éis gnáthchigireacht a rinne an Roinn, i mí Mheán Fómhair 2023.

**16.44** Thosaigh an soláthróir ag déanamh aisíocaíochtaí leis na scoileanna ar bhonn céimnithe i mí Feabhra 2025. Tá an Roinn i dteagmháil leis na scoileanna chun aisíocaíochtaí a rinneadh a aisghabháil ina dhiaidh sin.

1 Féadfaidh an fógra ceangaltáin a bheith le pá nó tuarastal an fhéichiúnaí nó le cistí atá i seilbh an fhéichiúnaí in institiúidí airgeadais.

2 Bhí an scéim fóirdheontais pá shealadaigh i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2020 go dtí mí Lúnasa 2020. Tháinig an scéim fóirdheontais pá fostaíochta in ionad na scéime sealadaí an 1 Meán Fómhair 2020.

3 Dúnadh an scéim fóirdheontais pá fostaíochta i mí na Bealtaine 2022.

4 Le linn na hidirthréimhse íocadh fóirdheontas uasta dar luach €410 in aghaidh an fhostaí le gach fostóir incháilithe do na chéad sé seachtaine den scéim, gan beann ar ioncam an fhostaí. Ceanglaíodh ar fhostóirí aon íocaíocht fóirdheontais iomarcach a tháinig chun cinn a aisíoc. Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2020*, caibidil 12, Rialuithe ar an scéim fóirdheontais shealadaigh pá.

5 Ní mór do bhia a bheith ar cháilíocht oiriúnach agus ar luach cothaithe oiriúnach, agus ní mór é a ullmhú agus a thomhailt i dtimpeallacht chuí.

### *Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora*

**16.45** Déantar tástáil acmhainne i dtaca leis an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora agus íoctar le tuismitheoir cáilithe í atá ag tabhairt aire do pháiste amháin nó níos mó gan tacaíocht ó pháirtí. In 2024, ba é €753 milliún caiteachas na scéime (2023: €680 milliún).

**16.46** Mar chuid de na rialuithe scéime atá i bhfeidhm, ceanglaítear ar éilitheoirí tuairisceán bliantúil a chur isteach ar fhoirm 'OFP40'. Baintear leas as an tuairisceán sin chun a chinntiú go bhfuil an t-éilitheoir fós incháilithe don íocaíocht agus go bhfuil an íocaíocht á déanamh ag an ráta ceart. Tarraingíodh siar an fhoirm i mí na Samhna 2022, agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an reachtaíocht tacaíochta.

**16.47** In éagmais an rialaithe sin le linn 2024, d'fhéadfadh sé gur cuireadh moill ar fhógra a thabhairt don Roinn faoi athruithe ar imthosca an éilitheora.

**16.48** Thosaigh an Roinn arís ar fhoirm OFP40 a eisiúint de láimh le linn 2025 agus tá sé beartaithe aici eisiúint uathoibrithe na foirme a thabhairt isteach arís faoi dheireadh 2025. Ó mhí an Mheithimh 2025 ar aghaidh, eisíodh foirm láimhe OFP40 do 55% de na héilitheoirí ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora.[1]

### *Liúntas costas laethúil*

**16.49** Is teidlíocht de réir tástála ioncaim é an liúntas speansas laethúil a íoctar le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu, nó atá ag fanacht, i gcóiríocht arna soláthar ag na Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta. Is é an ráta liúntais speansas laethúil atá iníoctha €38.80 in aghaidh na seachtaine do dhuine fásta agus €29.80 in aghaidh na seachtaine do leanbh. Tá ráta méadaithe €113.80 in aghaidh na seachtaine ar fáil do dhuine fásta mura bhfuil an t-éilitheoir ar fáil.

**16.50** Bhí caiteachas na scéime don bhliain coibhéiseach le €60.2 milliún (€34.4 milliún in 2023).

**16.51** Éilítear sa reachtaíocht go dtugann an Roinn faoi mheasúnú ioncaim d'éilitheoirí atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, atá ag fáil ioncaim le 12 sheachtain anuas ar a laghad, agus chun an liúntas a laghdú nó a stopadh de réir a n-ioncaim mheasta. Fuarthas amach in iniúchtaí roimhe seo nach raibh na measúnuithe sin ag tarlú.

**16.52** Le héifeacht ó Mheitheamh 2024, thug an Roinn tástáil ioncaim isteach d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhí fostaithe ar feadh 12 sheachtain ar a laghad agus atá ag tuilleamh €60 in aghaidh na seachtaine nó níos mó. Féadfaidh éilitheoirí a thuilleann idir €60 agus €125 sa tseachtain cáiliú d'íocaíocht laghdaithe. Ina dhiaidh sin, níl aon liúntas iníoctha. Ó mhí an Mheithimh 2025 ar aghaidh, dúnadh 9,640 éileamh tar éis an tástáil ioncaim a chur i bhfeidhm ar éilitheoirí cosanta idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta.

**16.53** Níl tástáil ioncaim tugtha isteach ag an Roinn go fóill d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil freastal déanta orthu agus atá ar liostaí feithimh do chóiríocht maidir le Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta.

1 Tá suirbhé rialaithe ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora le foilsiú ag an Roinn in 2026.

## Conclúidí

**16.54** Le caiteachas scéime dar luach €26.2 billiún san iomlán in 2024, d'fhéadfadh fiú leibhéil ísle íocaíochtaí de bhreis ar theidlíochtaí leasa a bheith ina gcaillteanais shuntasacha cistí poiblí.

**16.55** Tá an leibhéal d'íocaíochtaí neamhrialta a d'aimsigh an Roinn trína clár leanúnach de shuirbhéanna rialaithe ar leibhéal na scéime ábhartha fós. Bunaithe ar na torthaí sin, sna tuarascálacha iniúchóireachta ar chuntas leithreasa 2024 le haghaidh Vóta 37 Cosaint Shóisialta agus ar ráitis airgeadais 2024 ó CÁS, tarraingítear aird ar leibhéal ábhartha neamhrialtachta na n-íocaíochtaí scéime.

## Iarscríbhinn 16A

### Catagóiriú íocaíochtaí neamhrialta

- **Calaois amhrasta** — sa chás go bhfuil amhras ann go gcuireann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn ar fáil d’aon turas maidir le héileamh, nó go teipeann air d’aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí (mar shampla méadú ar acmhainní nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d’éileamh atá á íoc.
- **Earráid éilitheora** — nuair a chuir an t-éilitheoir faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ar fáil nó nuair a theip air athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann i dtaobh an éilitheora.
- **Earráid oifigiúil** — i gcás ina n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gnímh, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1] I gcás ina ndearnadh an t-athbhreithniú deireanach ar éileamh níos mó ná cúig bliana roimhe sin (nó trí bliana roimhe sin i gcás scéimeanna aoise oibre), déantar an íocaíocht iomarcach a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

1 I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus oifigiúil, tarlaíonn sé go bhfaigheann éilitheoirí suim atá níos lú ná an tsuim a bhfuil siad ina teideal (ganníocaíocht).

**Fíor 16A.1. Liúntas cuardaitheora poist — torthaí ó shuirbhé rialaithe agus athruithe rialaithe**

**Riosca na scéime**

- Is mó seans go bhfaighidh éilitheoirí a bhfuil acmhainní eile seachas acmhainní fostaíochta acu (52% de chásanna) ró-íocaíocht ná iad sin nach bhfuil acmhainní eile acu (20%).
- Tá an riosca ró-íocaíochta d'oibrithe páirtaimseartha/ócáideacha (45%) níos mó ná ceithre huaire níos airde ná an riosca d'oibrithe neamhócáideacha (10%).
- Is mó an seans go mbeidh mná ina gcuardaitheoirí poist páirtaimseartha, agus dá bhrí sin is mó an seans go mbeidh ró-íocaíocht acu (22%) i gcomparáid le fir (13%).
- Tá riosca níos airde ró-íocaíochta ag éilitheoirí pósta nó comhchónaitheacha (31%) ná éilitheoirí aonair (16%).
- Riosca méadaithe ró-íocaíochta ag baint úsáide as aon mhodh íocaíochta eile (44%) i gcomparáid le híocaíochtaí oifig an phoist (15%).

**Bearta chun an réimeas rialaithe a fheabhsú**

- Leanfaidh gach cuardaitheoir poist ar aghaidh ag freastal ar a n-ionad Intreo laistigh de mhí amháin ó dhámhachtain éilimh chun síniú agus ansin ar bhonn ráithiúil ina dhiaidh sin.
- Sprioc na n-athbhreithnithe éilimh do 2025 a mhéadú 33%.
- A áirithiú go dtugtar tosaíocht d'athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ardriosca a shainaithnítear trí shonraí a mheaitseáil le faisnéis fíor-ama duillíní pá a sholáthraíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim).[a]
- Leanfaidh foireann seirbhísí fostaíochta na Roinne lena ról gníomhach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar éilimh i gcás nach bhfuil an t-éilitheoir ag plé mar is gá le Seirbhísí Fostaíochta.
- Fócas níos mó ar fhíorú fostóirí ar phatrúin oibre ar éilimh ócáideacha.
- Leanfar de bheith ag íoc gach iarratasóra nua ag oifig an phoist.
- Leanúint d'úsáid a bhaint as acmhainní agus taithí Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne chun díriú ar earnálacha ardriosca.
- Rinneadh an próiseas chun fógraí 'tosú tuillimh' (ó na Coimisinéirí Ioncaim) a chuíchóiriú le linn 2023, rud a sholáthraíonn próiseáil níos tapa ar athbhreithnithe ar éilimh agus a laghdaíonn cásanna ró-íocaíochtaí.
- Déanfar athbhreithniú ar na rialacha acmhainne don scéim le linn 2025 mar chuid d'athbhreithniú níos leithne laistigh den Roinn.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Tá an bunús dlí maidir le sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe agus sonraí pearsanta a phróiseáil clúdaithe ar bhealach níos mionsonraithe i ráiteas príobháideachais na Roinne.

**Fíor 16A.2 Pinsean Stáit neamhranníocach — torthaí ó shuirbhé rialaithe agus athruithe rialaithe**

**Riosca na scéime**

- Is mó seans go bhfaighidh éilitheoirí a bhfuil pinsin eachtracha/phríobháideacha acu ró-íocaíocht de bharr méaduithe ar na pinsin sin, nó de bharr athruithe ar an ráta malairte.
- Riosca méadaithe ró-íocaíochta trí úsáid a bhaint as aon mhodh íocaíochta eile (33%) i gcomparáid le híocaíochtaí oifig an phoist (19%).
- Ba mhó an seans go mbeadh ró-íocaíocht ag éilitheoirí atá 70 bliain d'aois nó níos sine (30%) i gcomparáid le daoine faoi bhun 70 (16%).

**Bearta chun an réimeas rialaithe a fheabhsú**

- Cuireadh creat rialaithe athbhreithnithe don scéim i bhfeidhm i mí Aibreáin 2025, ina leagtar amach sceideal athbhreithnithe le haghaidh minicíochtaí athbhreithnithe, agus roghnaíodh cásanna trí chur chuige measúnaithe riosca.
- Leanúint ar aghaidh ag cur éilitheoirí ar an eolas faoin oibleagáid atá orthu an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athrú ar a gcúinsí.[a]
- Déanfar éilitheoirí a bhfuil pinsin stáit na Breataine acu a shainaithint agus a spriocdhíriú le haghaidh athbhreithniú níos rialta.
- Déanfar éilitheoirí a bhfuil pinsin phríobháideacha/acmhainn acu a shainaithint agus a spriocdhíriú le haghaidh cumarsáid níos rialta.[b]
- Leanfar d'éilitheoirí nach ndearnadh athbhreithniú orthu ó 2011 nó roimhe sin a shainaithint agus a athbhreithniú mar thosaíocht.
- Leanfar d'éilitheoirí a bhfuil aois ard slánaithe acu a roghnú le haghaidh cuairte ag Cigire Leasa Shóisialaigh chun incháilitheacht leanúnach a chinntiú.[c]
- Déanfar athbhreithniú ar na rialacha acmhainne don scéim le linn 2025 mar chuid d'athbhreithniú níos leithne laistigh den Roinn.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Éilimh a roghnaíodh ar bhonn measúnaithe riosca, eiseofar 25,000 de na fógraí sin in 2025. Áireofar leis sin éilitheoirí a bhfuil íocaíochtaí pinsin eachtracha eile acu (seachas pinsin Bhriotanacha).
b Iarrtar orthu go dtabharfaidh siad an Roinn cothrom le dáta go tráthúil maidir le haon athrú ar phinsin/acmhainn den sórt sin.
c Chomh maith leis sin a shuí go bhfuil siad sásta le haon socrú gníomhaire a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm.